

Pádraic agus Teach Mór King



Capaill na gCualán

Cheannaigh Pádraig Mháirtín Pheaits Ó Cualáin as an Teach Mór a chéad chapaillín Chonamara thart ar 12 bhliain ó shin agus ón am sin i leith tá riar acu gaite trína lámha agus é ar thóir an scoth, rud atá aige anois, de réir dealraimh.

Searrach fireann is ea *Teach Mór King* agus ar na gaiscí atá déanta aice i mbliana amháin tá na buanna seo a leanas -

Ag Seó an Chladaigh Dhuibh: An 1ú Áit i Rannóg na Searrach agus Seaimpín i Rannóg na Searrach.

Ag Seó an Chaisil: An 2ú hÁit i Rannóg na Searrach.

Ag Seó na Ceathrú Rua: An 1ú Áit i Rannóg na Searrach.

Ag Seó Bhaile Chláir: An 1ú Áit i Rannóg na Searrach agus Seaimpín i Rannóg na Searrach.

De bharr gur bhuaigh an searrach seo an chraobhchomórtas cháiligh sé don All Ireland Connemara Pony Show a bhí in Ard Mhacha sa Meán Fómhair seo caite ach níor éirigh leis an turas fada ó thuaidh a dhéanamh.



Pádraic agus an searrach
in éineacht le Sarah, Páid agus Seán.

